

Coláiste Sheosaimh



Polasaí Um Chosaint Leanaí

(Tá an Polasaí seo faoi réir Tús Áite do Leanaí 2015)

Réamhrá

Tá sé mar aidhm ag Coláiste Sheosaimh a chinntiú i gcás daoine óga a bhíonn páirteach in aon cheann de chúrsaí/scéimeanna óige na heagraíochta go mbraithfidh said sábháilte agus caomhnaithe le linn a dtréimhse pháirtíochta ar fad agus cosanta ó aon drochíde nó neamart. Cuirfidh Coláiste Sheosaimh an cúram sin i gcrích trí roghnú agus maoirseacht an-chúramach a dhéanamh ar na tithe cónaithe ina gcuirimid na scoláirí, ar na múinteoirí agus ar an bhfoireann eile a fhostaíonn an eagraíocht agus trí féachaint chuige go bhfaigheann na scoláirí leordhóthain aire uathu siúd atá ina bhfeighil.

Sa bhreis ar sin déanann Coláiste Sheosaimh iarracht díograiseach chun atmaisféar a chruthú ina mbíonn gaol oscailte, iontaobhach agus comhoibreach ag na daltaí leis an eagraíocht agus go háirithe, leo siúd uile san eagraíocht agus lasmuigh di atá freagrach as a gcúram agus a ndul chun cinn.

Is é polasaí daingean an choláiste déileáil go pras agus go híl ghabhálach agus go cothrom le haon cheist a thógtar faoi leas aon duine óig.

Tá sé mar fhreagracht ar an Bhord Bainistíochta ball sinsearach den fhoireann a cheapadh mar Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe. Gníomhóidh an duine seo mar cheangal le dreamanna taobh amuigh agus mar dhuine acmhainne do bhall ar bith den fhoireann a bhfuil inní ar mar gheall ar chosaint leanaí. Beidh an duine seo mar Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe ar shon na scoile leis an Fheidhmeannas Seirbhíse Sláinte, leis an Gharda Síochána agus le gníomhaireachtaí eile. Táthar ag súil leis gurb é an Príomhoide an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe de ghnáth.

Ní fhostaíonn Coláiste Sheosaimh aon fhostaí – ar a n-áirítear múinteoirí, ardchinnirí, tiománaithe bus, rúnaithe srl – ach amháin má tá sé/sí tar éis dul faoi Ghrinnscrúdú an Gharda Síochána.

Dualgas an Oifigigh Ainmnithe

Cúrsa A 2019 CILL CHIARÁIN

An t-Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe: Claire Ní Mharcaigh

An Leas-Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe: Gearóid Breathnach

Cúrsa A 2019 CARNA

An t-Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe: Annette Ní Thuathail

An Leas-Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe: Pauline Ní Chualáin

Cúrsa B 2019 CARNA

An t-Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe: Siobhán Ní Mhánais

An Leas-Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe: Miriam Nic Eochaidh

Cúrsa C 2019 CILL CHIARÁIN

An t-Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe: Miriam Nic Eochaidh

An Leas-Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe: Peadar Ó Neachtain

Tá dualgas ar an Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe

- Feidhmiú mar fhoinse eolais i leith nithe a bhaineann le cosaint leanaí
- Comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíocht laistigh den eagraíocht
- Dul i dteagmháil leis an mBord Sláinte, leis na Gardaí agus le gníomhaíocht eile faoi amhras nó cásanna drochúsáide leanaí

Seo leanas an t-eolas más gá don Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe teagmháil a dhéanamh:

An Bord Sláinte Áitiúil: Oibrí Soisialta Dualgais:

(a) Cathair na Gaillimhe: 091-546366

(b) Uachtar Aird: 091 – 552200

Iar-Ama: Stáisiún na nGardaí sa Chlochán: 095 - 22500

Treoirínite don Fhoireann/Lucht Cúraim

Cad is drochíde ann

Déantar mí-úsáid ar dhaoine óga ar bhealaí agus, an-mhinic, fulaingíonn scoláirí mí-úsáid ar níos mó ná modh amháin e.g. i gcás tromaíochta, d'fhéadfadh mí-úsáid fhisiciúil agus mhothúchánach a bheith i gceist.

Faoi láthair is gnách go déantar mí-úsáid ar dhaoine óga a rangú i gceithre chineál éagsúla

- Mí-úsáid fhisiciúil
- Neamart
- Mí-úsáid mhothúchánach
- Mí-úsáid ghnéasach

Tá bun thábhacht i gcónaí le hairdeall chun mí-úsáid a sheachaint ach i gcás ina bhfuil mí-úsáid tar éis tarlú cheana féin tá comharthaí áirithe ar choir a bheith ag faire amach dóibh go speisialta.

Mí-úsáid Fhisiciúil agus Gortú Nach Tionóisc é

Is í is mí-úsáid fhisiciúil ann ná aon ghortú nach tionóisc é, nó aon ghortú a tharlaíonn de thoradh aon teip thoiliúil nó fhaillitheach scoláire a chosaint.¹ Is samplaí de mí-úsáid fhisiciúil iad seo a leanas:

- Croitheadh
- Láimhseáil leis an iomarca fórsa
- Scoláirí a ligean nó a chur i mbaol substaintiúil mór dhochair

Tá sé tábhachtach i gcás daoine gairmiúla, múinteoirí san áireamh nach den lucht leighis iad, a thugann mí-úsáid faoi deara, go ndéanfaidís fiosrú, mar thus, faoi chúis an ghortaithe, cé gur féidir nach nglacfaidh said leis an míniú agus go gcinnfidh said ar chéim bhreise a ghlacadh.

Neamart :

Is féidir neamart a shainiú i dtéarmaí faille, mar a dhéantar mór dhochar don pháiste, nó mór chur isteach ar a fhorbairt trí gan bia, éadaí, teas, sláinteachas, spreagadh intleachta, maoirseoireacht agus sábháilteacht, caidreamh le agus cion ó aosaigh, coir leighis a bheith curtha ar fail dó.²

I gcomhthéacs imeachtaí Choláiste Sheosaimh bheadh neamart i gceist dá dtarlódh a leithéid seo a leanas:

- Gan go leor bia ná uisce a sholáthar
- Gan dídean ná áiseanna sláinteachais a sholáthar
- Gan cóir leighis chúí a sholáthar
- Gan maoirseoireacht cuí a sholáthar
- Easpa mí-úsáid nó cur i mbaol

Mí-úsáid Mhothúchánach / Shíceolaíoch

De ghnáth baineann mí-úsáid mhothúchánach leis an gcuidreamh idir pháiste agus a chúramóir seachas le himeacht ar leith ná le sraith d'imeachtaí. Tarlaíonn sí nuair nach bhfreastalaítear ar riachtanais an pháiste do chion, do mholadh, do chomhsheasmhacht, do shábháilteacht. Ní ghnách go léirítear mí-úsáid mhothúchánach trí airí nó comharthaí fisiciúla, ach amháin sa chás go mbíonn mí-úsáid ar mhodhanna eile i gceist chomh maith. Is samplaí iad seo a leanas de mí-úsáid mhothúchánach:

- Cáilíochtaí diúltacha a bhrú ar pháistí trí iad a lochtú, bheith searbhach leo, bheith naimhdeach dóibh, nó milleán a chur orthu go leanúnach;
- Bheith neamh chomhsheasmhach nó míchuibhiúil faoina mbítear ag súil leis ón scoláire ó thaobh iompair, cumas tuisceana, agus féinsmachta de;
- Modhanna smachtaithe míréasúnta nó ró gharbh a úsáid.

¹ Children First, National Guidelines for the Protection and Welfare of Children

² Children First, National Guidelines for the Protection and Welfare of Children

Is í is mí-úsáid ghnéasach ann ná scoláire a úsáid ag duine d'fhonn spreagadh nó sásamh ghnéasach an duine féin nó daoine eile. Is samplaí iad seo a leanas de dhrochíde ghnéasach:

- Nochtadh na mball giniúna nó aon ghníomh gnéasach a dhéantar d'aon turas i láthair pháiste;
- Teagmháil nó baint de chorp pháiste d'aon turas ag duine nó le rud d'fhonn spreagadh nó sásamh gnéasach;
- Gníomh gnéasach le comhthoil idir aosach agus duine faoi-aois. I gcás drochíde ghnéasach ar pháiste, is ceart a nótaíl, gurb í an aois toilithe le caidreamh collaí, chun críche an dlí choiriúil, ná 17 mbliana. Ciallaíonn seo mar shampla, go bhfuil caidreamh collaí idir chailín 16 bliana déag d'aois agus a buachaill chara 17 mbliana in aghaidh an dlí, cé nach bhféachfaí air mar mí-úsáid ghnéasach ar pháiste b'fhéidir.

Is coir í mí-úsáid a thabhairt do dhuine óg atá faoi bhun a 18 agus déanfaidh an Bord Sláinte í mí-úsáid a thuairisciú don Gharda Síochána.

Comharthaí Mí-úsáide

D'fhéadfadh comharthaí fisiciúla, comharthaí a bhainfeadh le hiompar nó comharthaí a bhainfeadh le forbairt an duine ann a bheith ann i gcás mí-úsáid ghnéasach. Freagróidh daoine óga do mí-úsáid ar bhealaí éagsúla. D'fhéadfadh an fhreagairt mhothúchánach dul thar réimse iompair, ón scoláire ag cúlú isteach ann (inti) féin, airdeall fuaraigeanta go dtí iompar ionsaitheach nó aisteoireacht. Nuair a bhíonn scoláire an-chiúin agus cúlaithe isteach ann (inti) féin, go minic ag lorg aire, an-deorach nó ionsaitheach, d'fhéadfadh gur comhartha é go bhfuil tráma i saol an pháiste. Tá fliuchadh leaba; tromluithe, rith ón mbaile (nó a leithéid a bhagairt); caint nó gníomhartha faoi fhéinmharú; ró-ól alcóil nó drugaí agus gadaíocht ina gcomharthaí gur choir do dhuine fásta atá buartha iad a nótaíl agus gníomhú dá mbarr.

Mí-úsáid Fhisiciúil

Bí aireach faoi na comharthaí seo a leanas:

- Ballbhrú gan mhíniú
- Gortú leanúnach
- Dónna nó scallta
- Marcanna toitíní
- Cnámha briste
- Greamanna
- Scéalta/leithscéalta gan dealramh faoi ghortuithe

Comharthaí Neamairt

- Easpa bia
- Éadaí nó cruth salach/bréan go seasta
- Easpa éadaí
- Neamh-chneasú ar ghortuithe

Comharthaí Mí-úsáid Mhothúchánach

Bíonn mí-úsáid mhothúchánach deacair a aithint go minic mar gur minic a bhíonn a chroílár suite san idirghníomhaíocht idir tuismitheoir, nó an múinteoir agus an scoláire agus ní bhíonn comharthaí soiléire le feiceáil de gnáth. D'fhéadfadh áfach, go meabhródh na comharthaí seo a leanas i scoláire níos sine mí-úsáid:

- Athrú giúmair, m.sh. dúlagar, easpa cumarsáide
- Rith ón mbaile
- Mí-úsáid alcóil, drugaí, nó tuaslagóra
- Féin mhilleadh
- Iarrachtaí féinmharaithe
- Ciontacht
- Neamhord iteacháin

D'fhéadfadh na torthaí síceolaíocha ar mí-úsáid mhothúchánach a bheith fadtéarmach agus an-damáisteach. Leanfaidh titim san fhéinmheas mí-úsáid mhothúchánach agus d'fhéadfadh sé raon leathan de fhríth thorthaí a ghiniúint ó dhomheanma, go páirtíocht i gcomhlúadar a sheachaint agus a bheith an-chúthalach go dtí fearg, aisteoireacht agus tromaíocht.

Comharthaí Mí-úsáid Ghnéasach:

- Leideanna faoi ghníomhaíocht nó mí-úsáid ghnéasach
- Tuiscint thar leibhéal a (h)aoise ar iompar gnéasach
- Drogall neamhghnách chun páirt a ghlacadh i ngnáth imeachtaí a mbíonn athrú nó baint éadaí i gceist leo, m.sh. cluichí/snámh [drogall faoi éadaí a bhaint]
- Eagla nó olc míchuibheasach a nochtadh i leith daoine fásta nó daoine níos sine
- Athrú iompair atá neamhghnách agus suntasach
- Iompar gnéasach ionsaitheach le daoine eile

Comharthaí is ea iad seo thuas a d'fhéadfadh leide a thabhairt faoi mí-úsáid a bheith á fulaingt ag scoláire. Ach níor cóir leide amháin a ghlacadh mar chruthú doshéanta agus tá sé tábhachtach gan teacht ar bhreithiúnas láithreach bonn. Mar sin féin ba cheart gur leor iad chun an duine fásta a chaithfidh déileáil go fuarchúiseach leo a chur ar a (h)aire.

Tromaíocht

Sainmhíníonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i bPoblacht na hÉireann tromaíocht mar *'ionsaithe leanúnacha, de bhéal, go síceolaíoch nó go fisiciúil arna gcur i gcrích ag duine aonair nó ag grúpa in éadan daoine eile.'*³ Iompar é atá saighdeach agus imeaglaíthe d'aon turas. Is léir go bhfuil scoláirí atá as baile den chéad uair agus gan aon chairead i mbaol ar leith. Is minic iad ró-fhaiteach chun aon rud a rá ar eagla go ndéanfaí magadh fúthu nó go dtarlódh ionsaí arís orthu.

Níl Coláiste Sheosaimh sásta ligean do thromaíocht d'aon chineál tarlú idir na scoláirí a bhíonn faoi chúram an choláiste nó ó chomhaltaí foirne agus gníomhaímid láithreach

³ Child Protection Guidelines and Procedures, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

nuair atá aon fhianaise go bhfuil ag tarlú. Dá dheasca sin is den riachtanas é go mbeadh gach duine ar a bhfuil freagracht i leith daoine óga; Cinnirí, Múinteoirí, Mná tí, Ionadaithe áitiúla san airdeall agus bheith ag faire ar chomharthaí den chineál seo a leanas:

- Eagla air/uirthi dul amach ina (h)aonar
- Gortuithe gan aon mhíniú m.sh. lúireacha ar na súile, aghaidh, géaga agus na cosa
- Cuma fhaiteach
- Éadaí strócaithe gan aon mhíniú
- Cailliúint airgid ar bhonn rialta
- Iompar deoranta, as carachtar
- Iompú ina (h)aonarán

Ní mór do chúramóir nó ball foirne atá amhrasach nó eolach faoi thromaíocht, an méid sin a chur in iúl don Ardmháistir.

Ba choir scoláirí a spreagadh chun labhairt le Cinnire nó le Múinteoir má tá tromaíocht á déanamh orthu féin nó ar chairde leo. *Déileáiltear le seo faoi Pholsaí Bulaíochta an Choláiste.* Is gá don fhoireann a bheith fíor-aireach mar gur minic a bhíonn leisce ar scoláirí tuairisc a thabhairt faoi thromaíocht agus léiríonn taighde nach minic a dhéanann said tuairisciú ar a leithéid.

Is cóir a mheabhrú, má tá an lucht tromaíochta freisin faoi chúram an choláiste, gur gá a bheith an-chúramach ag déileáil leo. B'fhéidir go bhfuil said féin faoi strus nó faoi bhrú nó go bhfuil tromaíocht nó mí-úsáid á bhfulaingt acu féin ina scoileanna nó ina gcomharsanacht féin. Dá bhféadfaí iad a mhealladh chun píosa a scríobh faoin eachtra tromaíochta d'fhéadfadh an méid sin féin tuiscint a thabhairt dóibh ar an gcaoi ina mbraitheann na scoláirí a ndearna said féin tromaíocht orthu.

Treoirínte chun tuairisciú mí-úsáid a láimhseáil

Má thugann scoláire tuairisc faoi mhí-úsáid don Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe, Múinteoir, Ardmháistir nó do chúramóir eile ba choir an gníomhú seo a leanas:

- Is den riachtanas é tosú le freagra dearfach don scoláire a insíonn an scéal. Tá sé tábhachtach fanacht socair agus gan aon dearcadh mí-chuibheasach a léiriú faoina bhfuil ráite. D'fhéadfadh an duine óg a bheith an-eaglach mar go rabhthas, b'fhéidir tar éis bagairt air/uirthi gan focal a insint faoinar tharla.
- Níor choir an scoláire a cheistiú ach amháin sa chás nach bhfuil an méid atá á rá aige/aici soiléir. Níor cheart saincheisteanna a chur faoin sort mí-úsáid a bhí i gceist. Má tá tú sásta go bhfuil bunús leis an ghearán, níor choir duit tuilleadh eolais a lorg on scoláire
- Ba chóir a rá leis an scoláire nach air (uirthi) siúd aon locht agus go ndearna sé/sí an rud cheart trí gearán a dhéanamh. Ba choir é/í a mholadh as a c(h)inneadh gearán a dhéanamh agus ba choir dearbhú a thabhairt nach gá a bheith buartha faoin a bhfuil curtha in iúl aige (aici)

- Ná dean aon scrúdú fisiciúil ar scoláire, seachas comharthaí seachtracha a nótaíl. Ná leag do lámh ar an scoláire agus ná lig do scoláire éadaí a bhaint nó a ardú agus ná dean tú féin é ach oiread
- Níor chóir rúndacht a gheallúint don scoláire ach is cóir a gheallúint nach dtabharfar aon eolas faoin ghearán ach do dhuine nó do dhaoine ar choir an t-eolas a bheith acu d'fhonn an cás a leigheas
- Ní mór gníomhú láithreach má tá an scoláire suite go fóill sa láithreán céanna inar tharla an mí-úsáid. Ba choir é seo a dhéanamh i gcomhair an t-Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe ach amháin sa chás go bhfuil sé dodhéanta an teagmháil sin a dhéanamh
- Ba chóir tuairisc i scríbhinn a ullmhú ina mbeidh na sonraí ar fad breacaithe síos chomh beacht agus atá indéanta – cad a dúradh agus conas mar a d'iompair an scoláire é (í) féin. Bheadh sé de cheart ag Cúirt an tuairisc seo a lorg faoi *sub poena*, dá dtiocfadh cás dlí chun cinn. Ba choir síniú agus data a bheith leis an dtuairisc agus í a bheith tugtha don Ardmháistir a choinneoidh in áit shábháilte í.
- Ba choir a insint don scoláire cad é is dóichí a tharlóidh ina dhiaidh sin. Ba chóir gurb é an duine cuí – agus ar an mbealach cuí – a dhéanfadh é seo. Ní mór don duine a dtugtar an t-eolas dó/di a bheith cúramach gan eolas míchruinn nó tuairimíocht a thabhairt
- Is cóir féachaint chuige gan a bheith ró cheangailte leis an gcás, seachas leanúint de a bheith ag tabhairt tacaíochta don scoláire. Is gá a thuiscint go bhfuil an cúram as lámha an chúramóra chomh luath agus a bhíonn an cás tuairiscithe
- Is cóir a thuiscint go mbeidh tionchar pearsanta ar an éisteoir fad agus atá an scoláire ag cur síos ar an mí-úsáid agus más gá, ba choir don éisteoir duine cuí a aimsiú chun comhairle a thabhairt dó (di), ach gan sárú ar an gcúram rúndachta.
- Más cás mí-úsáid leanaí é ina bhfuil na líomhaintí in éadan duine atá os cionn sé bliana déag d'aois, caithfidh an t- Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Pobal chúraim sa Bhord Sláinte agus iad a chur ar an eolas faoin gcás.
- Caithfidh an tOifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe Foirm Fáisnéise a líonadh amach ionas gur féidir leis an mBord Sláinte an cás a fhiosrú ón bpointe seo ar aghaidh.

Amhras faoi mí-úsáid

Má tá amhras ann faoi mí-úsáid d'aon chineál ar scoláirí (tromaíocht san áireamh) ó aon fhoinsé, ach nach bhfuil tuairiscithe, is cóir na céimeanna seo a leanas a ghlacadh.

Ba choir nóta a ghlacadh d'amhras an chúramóra. Ba chabhair don chúramóir í, b'fhéidir, dá ndéanfadh sé/sí an scéal a phlé le comhghleacaí más duine é/í a bhfuil amhras air/uirthi freisin. Sa chás go bhfuil an chúramóir buartha go fóill, ba choir an

scéal a thuairisciú don Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe a dhéanfaidh teagmháil leis an mBord Sláinte.

Ba choir don chúramóir a thuiscint nach bhfuil sé (sí) ag déanamh líomhna nuair a chuireann sé/sí aon ábhar buartha i láthair. Nuair a léiríonn oibrí amhras *bona fide* déanfaidh an t-Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe gach dícheall chun a chinntiú nach bhfulaíngíonn an té a léirigh an t-amhras aon droch-thoradh nó tromaíocht dá bharr.

Nuair a bhaineann an t-amhras nó líomhain le ball eile foirne, d'fhéadfadh sé seo a bheith ina fhadhb ag an oibrí ach ní mór don oibrí a chur san áireamh gurb é an bun dualgas atá ar an gColáiste ná sábháilteacht agus leas an scoláire agus, dá réir sin, gur dualgas air/uirthi amhras a thuairisciú.

Líomhaintí in Éadan Comhaltaí Foirne

- Déanfaidh Coláiste Sheosaimh a chur ar fionraí, ar lán tuarastal, láithreach, aon bhall foirne, atá fostaithe go lánaimseartha, nó ar chonradh gearr thréimhseach, faoina ndéantar líomhaintí faoi mí-úsáid ar scoláire nó faoina bhfuil amhras curtha in iúl, fad agus atá an fiosrúchán ar siúl.
- Déanfaidh an Stiúrthóir na líomhaintí nó an t-amhras a thuairisciú láithreach chuig an Stiúrthóir Pobal Chúraim.
- Lorgóidh an Stiúrthóir comhairle ón Stiúrthóir Pobal Chúraim.
- Fad agus atá an Bord Sláinte agus an Garda Síochána ag fiosrú na líomhaintí, ní dhéanfar aon fhiosrúchán inmheánach.
- Sa chás nach ndéanann an Stiúrthóir Pobal Chúraim nó an Garda Síochána an líomhain a fhiosrú, d'fhéadfadh an coláiste a mheas go mbeadh fiosrú inmheánach riachtanach go fóill ar mhaithe le cosaint scoláirí agus sa chás sin tosófar fiosrúchán.
- Glacfar céimeanna cuí i ndiaidh an fhiosrúcháin, más gá sin, ar mhaithe le sábháilteacht agus leas scoláirí. Glacfaidh an Coláiste gach céim atá riachtanach chun cearta bunúsacha daonna agus chun deacháil an té ar a bhfuil amhras caite nó líomhain déanta ina c(h)oinne, a chosaint.

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an bPolasaí Um Chosaint Leanaí ag tús gach samhradh agus leasófar é más gá.
